Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Márta 2024
(OR. en)

7474/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0054(NLE)**

ENER 119
ENV 255
CLIMA 103
IND 136
RECH 106
COMPET 281
ECOFIN 289

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 6566/24 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le leanúint de bhearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás<br>- Glacadh |

1. An 27 Feabhra 2024, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le leanúint de bhearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás. Cuireann an Moladh leis na bearta a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás, arna fhadú le Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle. Tugtar aghaidh sa Mholadh freisin ar shásraí treisithe tuairiscithe agus faireacháin chun leanúnachas an laghdaithe dheonaigh ar éileamh ar ghás a áirithiú i gcomhthéacs an ullmhúcháin do gheimhreadh 2024/2025.

2. Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 292 i gcomhar le hAirteagal 194(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Is le tromlach cáilithe a ghníomhóidh an Chomhairle.

3. An 4 Márta 2024, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir le téacs an Mholta ón gComhairle, mar a leagtar amach in 6619/1/24 REV1 é.

4. Leagtar amach téacs an dréachtmholta, mar a d'athbhreithnigh na dlítheangeolaithe ina dhiaidh sin é, in 7065/24.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an Moladh ón gComhairle maidir le leanúint de bhearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás, mar a leagtar amach in 7065/24 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ag an seisiún a bheidh aici an 25 Márta 2024.